



Cúlú agus comhphlé sóisialta san earnáil bhaincéireachta: barúil Eorpach

Achoimre fheidhmeach

Réamhrá

Tá córas baincéireachta an domhain i gcroílár na géarchéime eacnamaíche is measa le 70 bliain anuas ar a laghad. Tá an ghéarchéim tar éis cur isteach go mór ar earnáil ina raibh athruithe suntasacha cheana féin sa 30 bliain roimhe sin. Bhunathraigh athruithe struchtúracha sa gheilleagar domhanda, de bharr próiseas domhandaithe agus forbartha teicneolaíochta, an córas baincéireachta ar bhonn idirnáisiúnta. Sa bheis ar na forbairtí domhanda sin, thug córas baincéireachta na hEorpa aghaidh ar dhúshláin a tháinig chun cinn de thoradh próiseas comhtháthaithe na hEorpa agus cruthú an Mhargaidh Eorpaigh Aonair. Chuir bainc Eorpacha a gcuid straitéisí in oiriúint chun a bheith iomaíoch i margadh níos mó; chuaigh siad i mbun próiseas cumaisc agus éadálacha suntasach, d'éagsúlúigh siad a gcuid táirgí agus bhain siad leas as athruithe teicneolaíochta. De bharr éabhlóid na hearnála baincéireachta, bhí treochtaí contrártha ina dinimic fostaíochta ar fud na hEorpa. Tháinig méadú 6.5% ar an meán ar fhostaíocht idir 2004 agus 2008. Cé gur mhéadaigh leibhéil fostaíochta go suntasach i roinnt Ballstát Nua, áfach, (go háirithe sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Rómáin) bhí cailleanais phost in institiúidí creidmheasa i dtíortha eile, le hearnáil bhaincéireachta na Gearmáine, mar shampla, ag cailleadh os cionn 26 000 fostaí sa tréimhse sin. Ón mbliain 2008, tá iarmhairtí na géarchéime eacnamaíche d'earnálacha baincéireachta na dtíortha Eorpacha measctha.

Comhthéacs beartais

D'ainneoin tionchar éagsúil na géarchéime ar naoi mBallstát an AE (an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Ísiltír, an Spáinn, an tSualainn agus an RA) a ndearnadh anailís orthu sa tuarascáil seo, tá an beart glactha ag rialtais náisiúnta an-chosúil. Tá iarracht déanta ag gach rialtas muinín na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí a mhéadú agus leachtacht a chinntiú trí mheán cistí ráthaíochta nó trí chreidmheas

inacmhainne a sholáthar do bhainc. Sna tíortha is mó a bhfuil an ghéarchéim tar éis cur isteach orthu, cosúil leis an Ungáir agus an RA, agus i gcás roinnt banc san Ísiltír, rinne rialtais idirghabháil le scéimeanna sábhála, inar ghlac an stát le rialú na mbanc go hiomlán nó go páirteach.

Sna blianta atá le teacht, féadfar a bheith ag súil go leanfaidh na príomhthreochtaí struchtúracha a forbraíodh le scór bliain anuas ar aghaidh, go háirithe iad sin a bhaineann le tuilleadh cumasc agus éadálacha, próisis athstruchtúraithe i ngeilleagair sárforbartha, agus fairsingiú in oirthear na hEorpa. Ach de réir an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), tar éis cliste Lehman Brothers agus na géarchéime airgeadais dá bharr, tá luaineacht an mhargaidh bhannaí flaithiúnais le déanaí tar éis na laigí in earnálacha baincéireachta na hEorpa a léiriú ar bhonn níos soiléire. I limistéar an euro ach go háirithe, nascann sealúchais na mbanc d'urrúis rialtas rioscaí flaithiúnais agus earnála airgeadais meabhairbhraite go docht, ag cur teorann le rochtain ar iasachtú idirbhainc do roinnt institiúidí. Méadaíonn na tosca seo imní faoi ghéarchor creidmheasa. Soláthraíonn na tástálacha struis a rinneadh ar bhainc Eorpacha noda le haghaidh idirghabhálacha féideartha agus, de réir an CAI agus an Fhórait Bhaincéireachta Eorpaí (EBF), is í an chéad chéim eile maidir leis an earnáil a neartú ná na bainc leochaileacha a athstruchtúráil agus a chaipitliú agus muinín sa chóras iomlán a athfhorbairt.

Príomhthátail

Is cosúil go bhfuil an ghéarchéim tar éis cur isteach go mór ar na hearnálacha baincéireachta san Ungáir agus sa RA i dtéarmaí brabúsachta agus fostaíochta. Bhí tionchar measartha i dtomhlach na dtíortha a ndearnadh anailís orthu. San Eastóin, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa tSualainn, bhí tionchar na géarchéime éagsúil ag brath ar thréithe na mbanc

aonair. Sna tíortha seo, ní raibh ach roinnt banc ag déileáil le caillteanas brabús, cáilíochta punainne agus post, agus níor cuireadh isteach go mór ar chinn eile. Sa tSualainn, bhí cor chun donais géar sa gheilleagar, a raibh cúlú mar thoradh air, ach tharla caillteanais iasachta throma sna tíortha eachtracha ina raibh bainc Sualannacha ag feidhmiú. Swedbank agus SEB ba mhó a bhí nochta do na Stáit Bhaltacha, stáit a ndeachaigh an cor chun donais eacnamaíoch i bhfeidhm go mór orthu. San Iodáil agus sa Spáinn, ba bheag nach raibh aon tionchar ag an ngéarchéim airgeadais ar an earnáil bhaincéireachta.

Bhí comhphlé earnála agus cuideachta úsáideach chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a tháinig chun cinn de bharr na géarchéime i gcaidrimh idir ceardchumann agus fostóirí. Tá aghaidh tugtha ar athruithe trí chómhargáil den chuid is mó, ar leibhéal earnála agus cuideachta. I measc na bpríomh-shaincheistanna a ndíríodh orthu bhí bearta chun poist a chosaint, tionchar na bpróiseas athstruchtúraithe ar fhostaíocht, agus costais saothair a laghdú. Sa chuid is mó de chásanna, is éard a bhí i gceist le straitéisí bainistíochta chun costais a laghdú ná diansaothrú oibre agus laghdú pá. Bhí na treochtaí seo mar chúis le tréithe traidisiúnta na hearnála i ndáil le luach saothair maith agus dálaí oibre agus fostaíochta maithe a athrú.

Cé gur éirigh cómhargáil níos deacra, tá sé léirithe gur toisc thábhachtach í chun tionchair sóisialta na géarchéime a rialáil. I roinnt cásanna, bhí sé indéanta freisin a bheith nuálach le linn idirbheartaíochtaí, cosúil le sa staidéar Gearmánach, áit a bhfuil tús curtha leis an riachtanas gnéithe éagsúla maidir le táirgí a dhíol agus comhairle a chur ar chliaint a rialáil, go hindíreach ar a laghad, mar shaincheist i gcómhargáil earnála. Is cosúil gur léargas iad córais chómhargála, a bhfuil comhordú idir leibhéil earnála agus díláraithe mar thréith acu (mar atá le fáil sa Fhrainc, san Iodáil, sa Spáinn agus sa tSualainn, agus ar bhealach éigin sa Ghearmáin agus san Ísiltír), ar shamhail atá réasúnta éifeachtach.

Caidreamh tionsclaíoch

Go ginearálta, ní raibh aon éifeachtaí cáilíochtúla ag an ngéarchéim ar chaidreamh tionsclaíoch, de bharr nach bhfuil aon athrú tagtha ar a gcuid struchtúir agus meicníochtaí go bunúsach. Bhí comhphlé earnála agus cuideachta úsáideach chun déileáil le deacrachtaí a tháinig chun cinn de bharr na géarchéime. Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara, i gcás na hUngáire agus na RA, go mbaineann tábhacht níos mó le caidreamh tionsclaíoch ar leibhéal cuideachta le blianta beaga anuas.

Tá éifeacht tar éis a bheith ag an iomaíochas méadaithe idir ceardchumann ar na córais náisiúnta difriúla. Tá freagraí éagsúla tagtha chun cinn de bharr na n-acmhainní teoranta agus na lamhála laghdaithe inlíochta, go háirithe ar thaobh na gceardchumann. Toradh amháin is ea nach síníonn ach roinnt ceardchumann comhaontuithe agus d'fhéadfadh gur ceardchumann a dhéanann ionadaíocht ar mhionlach d'fhostaithe a bheadh i gceist. Léiríonn na cásanna seo de chomhaontuithe ar leithligh easpa rialála maidir le measúnú a dhéanamh ar ionadaíocht na ngníomhairí atá bainteach le cómhargáil.

Treocht thábhachtach eile i gcaidreamh tionsclaíoch ar leibhéal cuideachta is ea an próiseas láraithe. Is é cuspóir bunúsach an láraithe i gcaidreamh tionsclaíoch ná am agus costais a shábháil, ag méadú éifeachtúlachta dá réir. D'fhéadfadh na cuspóirí sin a bheith ar neamhréir, áfach, le cineálacha daonlathais cheardchumann agus thionsclaíoch bunaithe. Dá bhrí sin, bíonn brainsí áitiúla de cheardchumann ag gearán go bhfuil ionadaithe fostaithe ar leibhéal monarcha eisiata níos mó agus níos mó ó nósanna imeachta faisnéise agus comhairliúcháin.

Is cosúil nach raibh ról suntasach ag caidreamh tionsclaíoch ar leibhéal Eorpach agus aghaidh á tabhairt ar iarmhairtí na géarchéime ar leibhéal earnála nó cuideachta. Ceann de na mórdhúshláin don todhchaí i gcaidreamh tionsclaíoch is ea an gá le rialáil níos éifeachtaí ar phróisis athstruchtúraithe ar leibhéal Eorpach. Os rud é go bhfuiltear ag súil go leanfar ar aghaidh le próisis athstruchtúraithe, go háirithe ag grúpaí baincéireachta móra, ní mór breis forbartha a dhéanamh ar phróisis faisnéise agus comhairliúcháin ar leibhéal Eorpach.

Bainfidh an fíor-dhúshlán, áfach, le straitéisí réamhghníomhacha a mbíonn coinne acu le hathrú a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh creat-chomhaontuithe trasnáisiúnta feidhmiú mar uirlis úsáideach. De réir mar a shaothraíonn bainc mhóra straitéisí idirnáisiúnta acmhainní daonna agus gnó, d'fhéadfadh go mbeadh suim ag líon méadaitheach cuideachtaí i struchtúir chomhphlé trasnáisiúnta a bhunú chun tabhairt isteach beartas idirnáisiúnta, mar shampla, i réimsí na bainistíochta éagsúlachta, na forbartha ar scileanna, agus an mheasúnaithe feidhmíochta a éascú.

Tuilleadh faisnéise

Tá an tuarascáil *Recession and social dialogue in the banking sector: a European perspective* ["Cúlú agus comhphlé sóisialta san earnáil bhaincéireachta: barúil Eorpach"] ar fáil ag <http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef1161.htm>

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise déan teagmháil le Carlos Vacas Soriano, Oifigeach Taighde, cva@eurofound.europa.eu